



## Foirm Iarratais do Ghrianghrafadóir Cónaithe 2024

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil / Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Grianghrafadóir Cónaithe

### Foirm Iarratais (Líon isteach codanna 1-3 thíos)

Cinntigh go bhfuil na Bileoga Faisnéise a ghabhann leis léite agat sula gcuireann tú d'iarratas isteach. Nuair a bheidh sé comhlánaithe, seol d'iarratas tríd an ríomhphost chuig [exhibitions@nli.ie](mailto:exhibitions@nli.ie) agus 'Grianghrafadóir Cónaithe an EPA/NLI' luaite agat sa líne ábhair. **An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná an 22 Samhain 2023 ag 17:00 (MAG).**

Comhlánaigh an fhoirm iarratais seo a leanas i 6 leathanach A4 nó níos lú (gan CV agus ábhar tacaíochta a áireamh).

#### 1. EOLAS TEAGMHÁLA

- a. Ainm Iomlán:
- b. Tír Shaoránachta:
- c. Deimhnigh má éiríonn leat, go mbeidh tú i do chónaí ar oileán na hÉireann i rith thréimhse na cónaitheachta grianghrafadóireachta seo:
- d. Seoladh poist le haghaidh comhfhreagrais:
- e. Seoladh ríomhphoist:
- f. Uimhir Ghutháin an Teagmhálaí:
- g. Beathaisnéis ghairid agus nasc chuig suíomh gréasáin/meáin shóisialta más ábhartha (100 focal ar a mhéad)
- h. Tréimhse is fearr le tosú in 2024 má cheaptar: **R1 2024** nó **R2 2024**  
*Roghnaigh cén ráithe ar mhaith leat tosú.*

#### 2. TOGRA TIONSCADAIL – Tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

- a. Teideal an tionscadail (20 focal nó níos lí):
- b. Achoimre ar an téama nó ar an réasúnaíocht (100 focal ar a mhéad):
- c. Forbhreathnú gairid ar an tionscadal agus na spriocanna (lena n-áirítear laethanta réamh-mheasta sonracha don suíomh in aghaidh an tséasúir, láithreacha réamh-mheasta agus deimhniú go gcuirfidh tú isteach íoslíon 30 íomhá digiteach in aghaidh an tséasúir le linn an tséasúir áirithe sin) – 100 focal ar a mhéad
- d. Conas a ailíníonn do théama / réasúnaíocht bheartaithe le spriocanna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann?  
– 50 focal ar a mhéad
- e. Conas a ailíníonn do théama / réasúnaíocht leis na spriocanna atá leagtha amach ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil? – 50 focal ar a mhéad
- f. Conas a nascaidh do thogra tionscadail leis an bpobal i dtéarmaí an taispeántais ar líne deiridh a bheidh á óstáil ag NLI agus freisin thar thréimhse na cónaitheachta trí na meáin shóisialta, mar shampla, le linn na tréimhse 12 mhí? – 100 focal ar a mhéad

### 3. LÓISTÍOCHT

- a. Garspriocanna an Tionscadail Chruthaithigh – cuir in iúl dúinn conas a oibreoidh do thogra go séasúrach agus cuir san áireamh freisin ionadaíocht ar shaincheisteanna comhshaoil na hÉireann an EPA mar: cáilíocht uisce (lochanna, aibhneacha agus inbhir), cáilíocht an aeir, aeráid, astuithe gáis cheaptha teasa, tráanna, dramaíl bia, athchúrsáil agus diúscairt dramaíola, uisce óil, radón, úsáid talún agus foraoiseacht? (150 focal ar a mhéad).  
Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar na príomhcheisteanna, féach ar an 'Leabhrán Príomhtheachtaireachtaí' nó ar fhíseán achomair de [Thuarascáil Staid an Chomhshaoil 2020 an EPA | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil \(epa.ie\)](#)
- b. Cuir buiséad mionsonraithe réalaíoch ar fáil chun costais aon oibre a mholtar a chlúdach (1 leathanach ar a mhéad). Tabhair faoi deara gurb é an luach uasta dámhachtana don chónaitheacht seo €24,500 chun gach CBL (más ábhartha), táillí, ábhair, taisteal, cothabháil agus lóistín a áireamh. Sula mbronnfar an chónaitheacht, beidh ar an ngrianghrafadóir rathúil Deimhniú Imréitigh Cánach atá bailí agus reatha a sholáthar.
- c. Sonraigh aon réamhsmainte/réamhriachtanais taispeántais ar líne (nuair is cuí) – 100 focal ar a mhéad

### 4. CURRICULUM VITAE (2 leathanach ar a mhéad - cuir isteach mar cheangaltán ar leith lena n-áirítear taispeántais ábhartha, naisc le suíomh gréasáin, naisc le meáin shóisialta etc.

### 5. ÁBHAR TACAÍOCHTA (cuir isteach mar cheangaltán ar leith le do thoil) Tabhair suas le 5 sampla d'obair ghrianghrafadóireachta digiteach (uasmhéid 2mb in aghaidh na híomhá ar a mhéad mar cheangaltán ríomhphoist le d'iarratas r-phost chuig [exhibitions@nli.ie](mailto:exhibitions@nli.ie)). Ainmnigh gach sampla go soiléir le teideal agus dáta.

### 6. ÁBHAR A CHUIRTEAR ISTEACH Tabhair faoi deara nach stórálfaidh an Leabharlann Náisiúnta faisnéis a chuirtear isteach ach amháin chun críocha gearrliosta an roghnúcháin deiridh an Ghrianghrafadóira Cónaithe. Nuair a bheidh an dámhachtain fógartha agus nuair a ghlacann an grianghrafadóir rathúil leis an gcónaitheacht, scriosfar an fhaisnéis ar fad a chuir iarrthóirí nár éirigh leo don chónaitheacht seo isteach nuair a bheidh an próiseas críochnaithe.

### 7. TAISCE I GCOMHAIR CHAOMHNÚ & ROCHTAIN FADTÉARMACH Déanfar an saothar grianghrafadóireachta a tháirgtear faoin gcónaitheacht seo a thaisceadh le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi Chomhaontú Taiscí NLI arna chomhshíniú ag an ngrianghrafadóir agus ionadaí ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Aistrefar na grianghraif dhigiteacha chuig an Leabharlann Náisiúnta i gcomhair chaomhnú agus rochtain fadtéarmach.

### 8. MAOIN INTLEACTHÚIL AGUS CEADÚNÚ Cuirfidh an grianghrafadóir coimisiúnaithe ceadúnas [CC-BY](#) nó [CC-BY-ND](#) Creative Commons i bhfeidhm ar gach saothar grianghrafadóireachta digiteach a thaisctear le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar chuid den chónaitheacht seo. Soláthróidh na ceadúnais shonracha CC-BY nó CC-ND a chuirfear i bhfeidhm ar obair a thaisctear mar chuid den chónaitheacht seo úsáid saor in aisce na ngrianghraif digiteach seo ag athúsáideoirí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, bhail den phobal, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, faoi théarmaí ceachtar den dá cheadúnas.

Teastaíonn ceadúnú na ngrianghraif digiteach faoi cheadúnas [CC-BY](#) nó [CC-BY-ND](#) maidir leis seo ar an tuiscint gur tusa an t-aon sealbhóir ceart i leith na hoibre a dhéanann tú don chónaitheacht seo.

Chun amhras a sheachaint, tá cóipcheart sa saothar dílsithe don ghrianghrafadóir. Ní dhearbhaíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná Leabharlann Náisiúnta na hÉireann aon chearta maoinne intleachtúla maidir le saothar bunaidh an ealaíontóra.

Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an obair a chur chun cinn trína gcuntais mheáin shóisialta, a suíomhanna gréasáin, a taispeántais ar líne, catalóga agus foilseacháin agus í a chur ar fáil le híoslódáil trí chatalóg Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Admhófar úinéir an chóipchirt mar sin uair/áit ar bith a ndéanann an EPA agus NLI tagairt don saothar nó é a atáirgeadh, mar a cheanglaítear faoi théarmaí na gceadúnas CC-BY nó CC-BY-ND. Deimhnigh i d'iarratas go gcuirfidh tú ceadúnas [CC-BY](#) nó [CC-BY-ND](#) Creative Commons i bhfeidhm ar gach saothar a thaisctear le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar chuid den chónaitheacht seo.

## Seicliosta don iarratas

Seol ríomhphost chuig [exhibitions@nli.ie](mailto:exhibitions@nli.ie) leis na ceangaltáin a leanas:

**D'fhoirm iarratais** lena n-áirítear Cuid 1 (Faisnéis Theagmhála), Cuid 2 (Togra tionscadail) & Cuid 3 (Lóistíocht). Síniú agus dátaigh an fhoirm iarratais chun a dheimhniú go bhfuil an doiciméad faisnéise tacaíochta léite agat agus go dtuigeann tú codanna 6-8 den fhoirm iarratais seo.

**Do CV** – 2 leathanach ar a mhéad

**Ábhar tacaíochta** le suas le cúig shampla de do ghrianghrafadóireacht dhigiteach (is é 2MB ar a mhéad in aghaidh an íomhá a cheadaítear). Seol mar cheangaltáin ríomhphoist. Tabhair faoi deara **nár cheart go mbeadh na ceangaltáin ghrianghrafadóireachta iomlána níos mó ná 10MB.**

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná 17:00 (GMT) an 22 Samhain 2023.**

**Ainm (i mbloclitreacha):** \_\_\_\_\_

**Síniú/R-shíniú an Rannpháirtí agus dáta:** \_\_\_\_\_